## CÉ ATÁ IN ANN IARRATAS A CHUR ISTEACH?

Le hiarratas a dhéanamh, **ní mór**:

- duit bheith ábalta marcáil agus modhnóireacht a dhéanamh ar mheasúnuithe scríofa i do shainábhar trí mheán na Gaeilge

AGUS

- **gur múinteoir iar-bhunscoile lánchailithe thú** a bhfuil céim agat sa tsainábhar atá á scrúdú

NÓ

- **gur múinteoir bunscoile lánchailithe thú** a dtig leat eolas cuí a léiriú ar an ábhar sa tsainábhar atá á scrúdú

NÓ

- **gur scoláire ardoideachais thú i do bhliain dheireanach den choláiste oiliúna múinteoirí** a bhfuil céim agat sa tsainábhar atá á scrúdú.

## AN DÓIGH LE hIARRATAS A CHUR ISTEACH

**Is féidir cur isteach gan stró!**
Amharc ar liosta iomlán na sonraíochtaí agus comhlánaigh an fhoirm iarratais ar líne ag [www.ccea.org.uk/examiners_moderators](www.ccea.org.uk/examiners_moderators)

**Sonraí teagmhála**
Beidh ár bhfoireann sásta ceist ar bith atá agat a fhreagairt agus is féidir dul i dteagmháil leo trí:

- Guthán: (028) 9026 1243 nó (028) 9026 1294
- Ríomhphost: cfs@ccea.org.uk

Cuireann CCEA fáilte roimh iarratais ag am ar bith den bhliain.

**Le tuilleadh eolais a fháil**
Gabh chuig [www.ccea.org.uk/examiners_moderators](www.ccea.org.uk/examiners_moderators)

INVESTORS IN PEOPLE | Silver

ccea.info ccea_info ccea_info ccea

© CCEA 2023

**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM**, **EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44 (0)28 9026 1200 Email: cfs@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*

*Rewarding Learning*

# Ceartaigh Mar is Ceart le CCEA

Tá conraitheoirí á lorg againn le bheith ag scrúdú agus ag modhnóireacht trí mheán na Gaeilge.

**EXAMINER RECRUITMENT**

## INTREOIR

Faoi láthair tá CCEA i mbun múinteoirí agus léachtóirí cáilithe a earcú le marcáil agus le modhnóireacht a dhéanamh ar scrúduithe ag leibhéil GCSE, GCE agus ag leibhéil an ghairmoideachais trí mheán na Gaeilge.

Mar mhúinteoirí agus mar léachtóirí, tá a fhios agaibh cheana féin go bhfuil soláthar de scrúdaitheoirí agus de mhodhnóirí dea-cháilithe agus spreagtha de dhíth leis an chóras scrúdúcháin a reáchtáil. Sin an fáth a bhfuil muid ag iarraidh oraibh bheith páirteach!

## CAD CHUIGE A mBEIFEÁ I DO SCRÚDAITHEOIR LE CCEA?

Tá a lán tairbhí ag baint le bheith i do scrúdaitheoir nó i do mhodhnóir le CCEA.

### Tairbhí don lárionad s'agatsa

- Cuirfear forbairt ghairmiúil speisialaithe ar an ábhar ar fáil do gach múinteoir/léachtóir gan costas ar bith dá lárionad
- Gheobhaidh múinteoirí/léachtóirí tuiscint níos fearr ar an dóigh a ndéantar measúnú ar na sonraíochtaí a theagascann siad
- Clúdófar costas na múinteoirí ionaid tríd an Scéim Scaoilte do Mhúinteoirí

### Tairbhí duitse

- Gheobhaidh scrúdaitheoirí/modhnóirí íocaíocht as a gcuid seirbhísí
- Deiseanna le líonrú a dhéanamh le gairmithe eile agus le hacmhainní a chomhroinnt
- Oiliúint agus tacaíocht iomlán sa ról tábhachtach seo
- Forbairt ghairmiúil i do réimse ábhair

## CAD É ATÁ I gCEIST?

- De ghnáth, ní leithdháiltear ach trí seachtaine le haghaidh marcáil agus modhnú - beidh ort am a chur i leataobh taobh istigh de do sceideal féin leis seo a dhéanamh
- Beidh lá amháin ar shiúl ón scoil de dhíth ort faoi choinne gach aonad/comhpháirt le freastal ar an chruinniú caighdeánaithe/faisnéise
- Íocfar as costas múinteoirí ionaid

## CAD É ATÁ LE RÁ AG ÁR SCRÚDAITHEOIRÍ AGUS MODHNÓIRÍ?

> "Is múinteoir níos muiníní mé mar gheall air agus tá feabhas curtha aige ar mo scileanna le modhnóireacht a dhéanamh ar obair. Lig sé dom smaointe agus eolas a roinnt le comhoibrithe eile; agus chuidigh sé liom **forbairt go gairmiúil** sa ról s'agam féin mar mhúinteoir Béarla."

> "Is fiú go mór triail a bhaint as. Is féidir leis **deiseanna** oibre a oscailt duit chomh maith le ligean duit teagmhálacha a dhéanamh taobh istigh den réimse oibre agat."

> "Nuair a thuigeann tú na gaistí a dtig le daltaí titim isteach iontu agus iad ag freagairt ceisteanna, cuirfidh sé ar do chumas bheith i do **mhúinteoir níos fearr**. Is féidir leat na léargais a ghnóthaigh tú a úsáid le do dhaltaí a chur ar an eolas faoi cad is freagraí agus modhanna áirimh den scoth ann."

> "Cé gur múinteoir gnóthach mé, b'fhiú go mór marcáil a dhéanamh. Pleanáil mhaith agus bheith ag obair ar mo luas féin an rud ba thábhachtaí, rud a chuidigh liom na spriocdhátaí a bhaint amach. Mothaím fosta gur sócmhainn luachmhar é bheith i mo scrúdaitheoir don CV s'agamsa agus gur **díol suntais** m'iarratas ar phost mar gheall air."